



# Aonad 6

**San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:**

- 1 Ainmneacha pearsanta agus sloinnte agus na rialacha a bhaineann leo.
- 2 Cad is 'béarlachas' ann.
- 3 Samplaí d'abairtí a bhfuil lorg an Bhéarla orthu.
- 4 Fuaimeanna a bhaineann le Gaeilge Uladh.
- 5 Tuilleadh eolais ar an Chaighdeán Oifigiúil agus leaganacha malartacha atá coitianta i nGaeilge Uladh.
- 6 Foinsí ina mbíonn taifeadtaí béaloidis agus seanchais le fáil.

## 1 Cluas le héisteacht: ainm agus sloinneadh



Ar ball, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann triúr cainteoirí síos ar na sloinnte atá orthu. Sula n-amharcfaidh tú ar an fhíseán, déan an tasc thíos.

- Léigh na focail agus na frásaí Béarla 1–8.
  - Caidé mar a déarfá féin i nGaeilge iad? Scríobh síos do chuid leaganacha féin.
- 1 Amharc ar an fhíseán ansin, go gcluinfidh tú na leaganacha a bhí ag na cainteoirí.
  - 2 Ní bí buartha má tá leaganacha eile ar fad san fhíseán – bíonn níos mó ná bealach amháin ann le rudaí a rá i nGaeilge.
- 1 Most of them are in County Armagh.
  - 2 I think that's where the name originates from.
  - 3 I don't have that much information about my surname, apart from its meaning.
  - 4 I was called 'Ní Dhuibheannaigh' before I was married.
  - 5 Important people (celebrated people).
  - 6 Maybe that's the reason I like it.
  - 7 Going back generations.
  - 8 *His* people were from County Meath.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 2 Tráth na gceist sloinnte

---

Cé chomh heolach atá tusa faoi shloinnte na nGael?

- Freagair na ceisteanna 1–8.
- Seiceáil na freagraí agus tabhair marc duit féin as achán fhreagra ceart.
- Tabhair marc breise duit féin má thig leat an freagra a mhíniú.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

**1** Cén leagan d'ainm an laoch seo atá ceart?

- (a) Fionn Mac Chumhaill      (b) Fionn Mac Cumhaill      (c) Fionn mac Cumhaill

Míniú: \_\_\_\_\_

**2** Tá deirfiúr ag Tomás Ó hUallacháin darb ainm Caitlín. Caidé mar a scríobhtar a hainm?

- (a) Caitlín Ní Uallacháin      (b) Caitlín Ní Huallacháin      (c) Caitlín Ní hUallacháin

Míniú: \_\_\_\_\_

**3** Tá fonn damhsa ann ar a dtugtar *Miss McLeod's Reel*. Caidé mar a déarfá sin i nGaeilge?

- (a) Ríl Iníon Nic Leoid      (b) Ríl Iníon Mhic Leoid

Míniú: \_\_\_\_\_

**4** *The works of Mac Grianna* – cé acu leagan atá ceart?

- (a) Saothar Mhic Ghrianna      (b) Saothar Mhic Grianna      (c) Saothar Mac Grianna

**5** Ó Néill > an Niallach, Ó Dochartaigh > an Dochartach, ach caidé faoin tsloinneadh seo: Ó Dónaill?

\_\_\_\_\_

**6** *The Cardinal Tomás Ó Fiaich Library* – caidé mar a scríobhtar sin i nGaeilge?

- (a) Leabharlann an Chairdinéil Thomáis Uí Fhiaich  
(b) Leabharlann Chairdinéil Thomáis Uí Fhiaich  
(c) Leabharlann an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich

Míniú: \_\_\_\_\_

**7** Ó Gallchóir – cén bunús atá leis an tsloinneadh choitianta sin?

- (a) Gall + cóir (ceart)      (b) Gall + cabhair (cuidiú)      (c) Gall + cór (buíon saighdiúirí)

Míniú: \_\_\_\_\_

**8** Cén ghairm a bhíodh ag teaghlach Uí Ící fadó?

- (a) leigheas      (b) dlí      (c) filíocht

Míniú: \_\_\_\_\_

### 3 Ainmneacha agus leasainmneacha



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina míníonn Seán Ó Daimhín cuid de na fadhbanna a bhí aige agus é ag iarraidh teacht ar leagan ceart Gaeilge dá ainm féin. Amharc ar an fhíseán agus tabhair faoin dá thasc thíos.

#### Tasc 1

Freagair na ceistanna seo faoin mhéid a deir Seán san agallamh.

- 1 Cad chuige a raibh leagan Gaeilge den tsloinneadh ‘Devine’ de dhíth ar Sheán an chéad lá riamh?
- 2 Luann Seán rud ar a dtugtar ‘An Sloinnteoir’. Caidé atá i gceist leis sin?
- 3 Cad chuige a bhfuil amhras ar Sheán faoin chéad leagan a roghnaigh sé?
- 4 Deir Seán go bhfuil Devine coitianta sa cheantar. Cén fhianaise a thugann sé?

#### Tasc 2

An úsáideann tú leagan Gaeilge de do shloinneadh féin? Má úsáideann, freagair na ceistanna seo a leanas:

- 1 An bhfuil níos mó ná leagan nó litriú amháin ann? Cad chuige ar roghnaigh tú an leagan atá in úsáid agat?
- 2 An bhfuil eolas ar bith agat faoin chiall atá le do shloinneadh? Amharc, mar shampla, an bunús atá le ‘Ó Murchú’: muir + cú.
- 3 An bhfuil eolas ar bith agat faoin cheantar lena mbaineann an sloinneadh? Cuir i gcás, is sloinneadh de chuid na hAlban é Mac Fhionnlaoich (McKinley).
- 4 An bhfuil armas ag an teaghlach? Cuir síos air.
- 5 An bhfuil mana ag an teaghlach? Cuir síos air.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 4 An Lia Gramadaí: ‘ag fáil’ nó ‘ag éirí’?



Éist le hAodh Ó Gallchóir, an Lia Gramadaí, ag cur síos ar dhrochnós atá ag teacht chun cinn sa Ghaeilge, dar leis. I ndiaidh duit an fhíseán a choimhhead, freagair na ceistanna 1–3 thíos.

- 1 Tá an drochnós a raibh Aodh ag cur síos air ina shampla den rud a dtugtar ‘béarlachas’ air. Scríobh míniú ar chiall an fhocail sin, ‘béarlachas.’ Caidé go díreach atá i gceist?
- 2 Tabhair 3 shampla den bhéarlachas. Caidé mar ba cheart na rudaí sin a rá i nGaeilge, dar leat?
- 3 Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar do dhearcadh féin maidir leis an bhéarlachas?
  - A “Níl sé ach nádúrtha go mbeadh béarlachas sa Ghaeilge, mar is é an Béarla an teanga is láidre sa tír. Ní chuireann sé isteach ná amach ormsa.”
  - B “Ba cheart do chainteoirí Gaeilge an béarlachas a ruaigeadh as a gcuid Gaeilge, oiread agus a thig le daoine sin a dhéanamh.”

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 5 Bain triail as: *Lorg an Bhéarla*

Bhí Seán Mac Maoláin (1884–1973 ina scríbhneoir agus ina aistritheoir Gaeilge. Ba i nGleann Aireamh, Contae Aontroma a tháinig sé chun an tsaoil, ach chaith sé an chuid ba mhó dá shaol i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.

Sa bhliain 1957, d’fhoilsigh Seán leabhrán beag dar teideal *Lorg an Bhéarla*, ag cur comhairle ar fhoghlaimoirí maidir le tionchar an Bhéarla ar a gcuid Gaeilge agus ag moladh seifteanna leis an tionchar sin a mhaolú.

- Tá cúig shampla dhéag as an leabhar tugtha thíos. Tugtar an abairt Bhéarla ar dtús agus an abairt Ghaeilge ina dhiaidh sin.
- Shíl Mac Maoláin go raibh béarlachas le brath orthu uilig. Caidé do bharúil féin?
- Má shíleann tú an abairt a bheith lochtach, scríobh nótaí leis na cúiseanna a mhíniú, mar atá déanta sa tsampla.
- Athscríobh na habairtí Gaeilge le go mbeidh siad saor ó thionchar an Bhéarla, mar atá déanta sa tsampla.

**Sampla:** **BELOW.** The other warriors were seated below Fionn: ‘Bhí na laochra eile suite faoi Fhionn.’

**Locht:** Ní *faoi* dhuine ar bith a bhí siad ina suí.

**Athleagan:** Bhí na laochra eile suite taobh thíos d’Fhionn.

- 1 **CAME (came from).** He himself and all his relations came from the North: 'Tháinig sé féin agus a ghaolta go léir ón Tuaisceart.'
- 2 **END (end. in).** It is hoped that these talks will end in a satisfactory settlement: 'Táthar ag súil go gcríochnóidh na comhráite seo i socrú sásúil.'
- 3 **EXPLAIN.** The extremely wet night might explain the clay that was on his shoes: 'B'fhéidir go míneodh an oíche an-fhliuch an chré a bhí ar a bhróga.'
- 4 **FOLLOW.** He spoke so rapidly that I was unable to follow him: 'Labhair sé chomh tiubh sin nárbh fhéidir liom é a leanúint.'
- 5 **INCREASING.** It seems that the listening public is increasing.: 'Dealraíonn sé go bhfuil an pobal éisteachta ag dul i méid.'
- 6 **LEARNED.** He learned from his father that the money was spent. 'D'fhoghlaim sé óna athair go raibh an t-airgead caite.'
- 7 **LEFT.** They left Cork in a small sailing boat: 'D'fhág siad Corcaigh i mbád beag seoil.'
- 8 **NOTE.** (a mental note) He made a mental note of the car's number: 'Rinne sé nóta ina aigne de uimhir an ghluaisteáin.'
- 9 **ON.** Dublin is situated on the Liffey: 'Tá Baile Átha Cliath suite ar an Life.'
- 10 **REACH.** Now, workers who reach three score receive a pension: 'Anois, faigheann oibrithe a shroicheadh trí scór pinsean.'
- 11 **Reach (2).** The cloak she wore reached her shoes: 'Shroich an clóca a chaith sí a bróga.'
- 12 **REDUCE.** It is extremely difficult to prevent the epidemic from spreading; but effort will be made to reduce the number of deaths: 'Tá sé an-deacair cosc a chur ar leathadh na haicíde; ach déanfar gach dícheall chun líon na marbh a laghdú.'
- 13 **SATISFIED (satisfied that).** Then she was satisfied that her husband was dead: 'Ansin bhí sí sásta go raibh a céile marbh.'
- 14 **WITH.** They came back, and the man with the beard was along with them: 'Tháinig siad ar ais, agus bhí an fear leis an bhféasóg in éineacht leo.'
- 15 **BECAME.** The land became progressively poorer as it approached the mountain: 'D'éirigh an talamh níos boichte de réir a chéile, de réir mar a bhí sé ag druidim leis an sliabh.'

## 6 Lúth na teanga: fuaimeanna Ultacha



Ar ball, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Antain Mac Lochlainn síos ar chuid de na fuaimeanna a bhaineann le canúint Ghaeilge Chúige Uladh.

Léigh na ceistanna seo thíos sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán.

- 1 Caidé a thug Antain faoi deara maidir le fuaimniú briathra mar ‘ceannaigh’ agus ‘éirigh’?
- 2 Tugann Antain dhá shampla: ‘Dúirt sí go gcuirfeadh sí scairt orm’ agus ‘Dúirt sí go gcuirfeadh an rúnaí scairt orm’. Caidé an difear atá eatarthu ó thaobh na foghraíochta de?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 7 Lúth na teanga: abair féin é

Tá sé in am agat féin na fuaimeanna Ultacha a luaigh Antain a chleachtadh.

- Cuir *Aonad 6 Comhad fuaime 1* ar siúl.
- Cluinfidh tú na frásaí Gaeilge 1–10 thíos.
- Cluinfidh tú achan fhrása faoi dhó agus spás gairid eatarthu.
- Abair féin na frásaí i ndiaidh duit iad a chluinstin an chéad uair. An bhfuil ag éirí leat iad a fhuaimniú mar is ceart?

- 1 Pól bocht! D’ólfadh sé an chros den asal.
- 2 Nach cinnte go mbeannóinn di, dá n-aithneoinn í.
- 3 Duine plásánta Eoghan. Chuirfeadh sé thar an abhainn tirim thú.
- 4 Dúirt siad go bhfoghlaimedh siad Gaeilge agus go labhródh siad í.
- 5 An imreofá cluiche cártaí liom?
- 6 Chuirfeadh sé beaguchtach ar dhuine ar bith.
- 7 D’éireoinn as na toitíní dá gcuideofá liom.
- 8 Fear mór cainte – dhéanfadh sé cat agus dhá ruball air.
- 9 D’ordóinn dó fanacht sa bhaile.
- 10 Ceannóidh mé deoch agus inseoidh mé an scéal ar fad duit.

## 8 Cúinne na héigse: Timlicín, scéal do pháistí



Is scéalaí, aisteoir agus amhránaí í Suzanne Uí Ghallchóir, a bhíonn ag obair mar chúntóir teanga i nGaoth Dobhair, ag cuidiú le daltaí scoile a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus eolas a chur ar amhráin agus ar scéalta. San fhíseán seo, insíonn sí scéal gairid do pháistí.

Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, léigh na ceistanna seo thíos.

- 1 Tá dhá fhocal ag Suzanne ar *bog* nó *moor*. Caidé an dá fhocal sin?
- 2 Caidé a bheadh ar siúl ag an té a bheadh ‘ag cróigeadh mónadh’?
  - a) Ag déanamh cruach de na fóid mhónadh i ndiaidh dóibh triomú.
  - b) Ag cur cúig nó sé cinn d’fhóid mhónadh ina seasamh le chéile ar an phortach.
  - c) Ag lódáil na bhfód mónadh fá choinne iad a thabhairt chun an bhaile.
- 3 Caidé mar a déarfá na frásaí seo a leanas? Caidé mar a deir Suzanne iad?
  - a) Perished, starving with hunger.
  - b) Waiting impatiently for Timlicín.
  - c) When he had given up hope of him.
  - d) Did you hear that?
- 4 Agus iad ag quartú Thimlicín, scairteann na comharsanaigh amach, ‘Cá bhfuil tú?’ An bhfuil rud ar bith suntasach faoin dóigh a bhfuaimníonn siad na focail sin?
- 5 *Big scissors* sa Bhéarla, ‘siosúr mór’ sa Ghaeilge. Caidé an difear eatarthu? An dtig leat smaoineamh ar thuilleadh samplaí?
- 6 ‘Léim Timlicín amach agus a bhascáid agus deireadh leis.’ Cén chiall atá le ‘deireadh’ san abairt sin? Cuir in abairt de do chuid féin é.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 9 Caighdeán agus canúint

In Aonad 5, pléadh caidé go díreach atá i gceist leis an Chaighdeán Oifigiúil. Tugadh míniú ar na téarmaí ‘leagan malartach’ agus ‘leagan caighdeánach’ fosta.

Anois, úsáidfídh muid focail agus frásaí as an scéal ‘Thimlicín’ a chuala tú i mír 8 le cuid de na difríochtaí idir canúint Uladh agus an Caighdeán Oifigiúil (an CO) a léiriú. Beidh agat féin le cuid de na bearnaí a líonadh.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

### A. Leaganacha malartacha

Aimsigh leaganacha caighdeánacha na bhfocal a bhfuil cló trom orthu:

- Agus is í **níon** Norah Hannah, Caitlín, a d’inis an scéal seo domhsa.
- Bhí Dadaí thuas ar an chaorán, ag **cróigeadh** mónadh.
- **Babhal** brúitín
- Nó bhí a fhios aici gur **tharlaigh** rud **inteacht** do Thimlicín.
- D’imigh siad uilig, a chuartú Thimlicín agus iad **ag scairtigh**.
- Tá mise anseo **ag feadalaigh**.
- Chuir sí isteach i **mbascáid** bheag é, do Thimlicín.

### B. Forainmneacha réamhfhoclacha

Nuair a thig réamhfhocal (‘ag’, ‘le’ srl.) agus forainm (‘mé’, ‘tú’ srl.) le chéile, tugtar **forainm réamhfhoclach** ar an fhocal úr, mar shampla ‘agam’ nó ‘leat’. I gcás an réamhfhocail ‘do’, tá difear mór idir na forainmneacha atá sa CO agus iad siúd atá i nGaeilge Uladh. Cuir i gcás, deir Suzanne, ‘Caithfidh mé aitheantas a thabhairt **daoithe** ar a shon’ seachas ‘aitheantas a thabhairt di.’

Líon na bearnaí sa tábla thíos.

Gaeilge Uladh	An CO
	dom
duit	duit
dó	dó
	di
dúinn	dúinn
daoibh	daoibh
	dóibh



## C. Ginideach malartach

Corruair, ní mar a chéile foirm ghinideach an fhocail sa CO agus sa chanúint. Aimsigh foirm chaighdeánach na n-ainmfhocal a bhfuil cló trom orthu:

- Bhí Dadaí thuas ar an chaorán, ag cróigeadh **mónadh**.
- i dtrátha am **dinnéara**

## D. Iolra malartach

Go minic, ní hionann uimhir iolra an ainmfhocal sa chanúint agus uimhir iolra an CO. Cuir i gcás, deir Suzanne, ‘Gheobhaidh muid na **comharsanaigh** uilig’. ‘Comharsana’ an uimhir iolra atá sna foclóirí.

## E. Réimniú na mbriathra

Siolla amháin, de ghnáth, a bhíonn i modh ordaitheach na mbriathra atá sa chéad réimniú (‘tóg’, ‘déan’, ‘ná gabh’). Dhá shiolla, de ghnáth, a bhíonn i modh ordaitheach na mbriathra atá sa dara díochlaonadh (‘diúltaigh’, ‘ceannaigh’, ‘ná himigh’). Ní hionann réimniú na mbriathra sa CO agus sa chanúint. Cuir i gcás, deir Suzanne, ‘**Sheasaigh** Timlicín isteach faoi scáth na gcrann.’

## 10 Foinsí foghlama: taifeadtaí béaloidis

Más ag iarraidh do stór focal a shuibhriú atá tú, nó éisteacht leis an Ghaeilge á labhairt go nádúrtha ag cainteoirí cumasacha, is fiú go mór eolas a chur ar na bailiúcháin bhéaloidis atá foilsithe le blianta anuas.

I measc na n-acmhainní atá le fáil ar líne tá:

- **Tionscadal Béaloidis Thír Chonaill** ar [bealoideasbeo.ie](http://bealoideasbeo.ie). Is tionscadal de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge é seo, inar cuireadh agallamh ar chainteoirí as achan chearn de Ghaeltacht Thír Chonaill, ó Fhánaid go Gleann Cholm Cille. Thig éisteacht leis na taifeadtaí agus [téacs na n-agallamh](#) a léamh.
- **Seanchas Rann na Feirste** le Malachy McKenna ar [www.rannnafeirste.com](http://www.rannnafeirste.com) Tá idir fhuaim agus fhocail ar an tsuíomh seo agus seanchaithe iomráiteacha as Rann na Feirste le cluinstitín ann. Ina measc, tá John Ghráinne Ó Duibheannaigh, nach maireann, agus Bríd Anna Ní Bhaoill.

Tá cion fir déanta ag Pádraig Ó Baoighill, as Rann na Feirste ó dhúchas, le béaloideas Chúige Uladh a chur i láthair an phobail. Seo roinnt bheag de na hábhair atá curtha ar fáil aige thar na blianta. Tá dlúthdhioscaí le hachan leabhar atá luaite.

- *Ó Cadhain i dTír Chonaill*, Coiscéim, 2007. Scéalta agus seanchas a bhailigh Pádraig i gcuideachta Mháirtín Uí Chadhain, scoláire agus scríbhneoir, le linn a chuairte ar Thír Chonaill in 1957.
- *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain*, Coiscéim, 2009. Scéalta agus blúiríní seanchais ó bhéal cuid de na cainteoirí dúchais deireanacha i dTír Eoghain.

## Aonad 6: seicliosta

- Scríobh mé nótaí mar gheall ar mo shloinneadh féin.
- Tá cur amach agam ar an ‘bhéarlachas’.
- Rinne mé eagarthóireacht ar shraith abairtí a raibh lorg an Bhéarla orthu.
- Tá mé ar an eolas faoi fhuaimneanna a bhaineann le Cúige Uladh agus thig liom iad a rá go soiléir.
- Tá cur amach agam ar chuid de na difríochtaí idir an Caighdeán Oifigiúil agus Gaeilge Uladh.

## Nótaí agus freagraí

### 1 Cluas le héisteacht: ainm agus sloinneadh

---

- 1 Most of them are in County Armagh.

*Tá an mhórchuid acu i gContae Ard Mhacha.*

*Nó ‘an chuid is mó acu’ nó ‘a mbunús’ nó ‘a bhformhór’.*

- 2 I think that’s where the name originates from.

*Tá mé ag déanamh gur sin an áit as a dtáinig an t-ainm ó thús.*

- 3 I don’t have that much information about my surname, apart from its meaning.

*Níl a oiread sin eolais agam ar mo shloinneadh amach ón chiall atá leis.*

*Tá an frása gairid sin ‘amach ó’ iontach coitianta i nGaeilge Uladh.*

- 4 I was called ‘Ní Dhuibheannaigh’ before I was married.

*‘Ní Dhuibheannaigh’ a bhí ormsa sular pósadh mé.*

*Tabhair faoi deara gur leor ‘orm’ a rá, mar shampla ‘Pádraig atá air’ (= ‘Pádraig an t-ainm atá air.’)*

- 5 Important people (celebrated people).

*Daoine mór le rá.*

*Tabhair faoi deara gur frása dobhriathartha é ‘mór le rá’. Fanann sé san uimhir uatha bíodh is go bhfuil ‘daoine’ san uimhir iolra.*

- 6 Maybe that’s the reason I like it.

*B’fhéidir gur sin an tuige a bhfuil dúil agamsa ann.*

*Níl aon ní mícheart le ‘fáth’ ach tá ‘tuige’ iontach coitianta i nGaeilge Uladh. Tabhair faoi deara go bhfuaimnítear é amhail is gur ‘tuí’ a bheadh ann.*

7 Going back generations.

*Na glúnta fada ag dul siar.*

8 *His people were from County Meath.*

*Ba as Contae na Mí a mhuintir siúd.*

*Úsáidtear ‘siúd’ ag trácht ar rudaí atá píosa ar shiúl uait (‘An é siúd do theachsa?’) agus le dealú idir rudaí nó idir daoine.*

## 2 Tráth na gceist sloinnte

---

1 Cén leagan d’ainm an laoi seo atá ceart?

(c) Fionn mac Cumhaill

**Míniú:** Ní go dtí ré na Críostaíochta a tháinig córas sloinnte na Gaeilge ar an fhód. Ní sloinneadh atá in ‘Fionn mac Cumhaill’ – níl ann ach gur mac le Cumhall a bhí i bhFionn. Tá an rud céanna i gceist le hainmneacha mar Cormac mac Airt, Manannán mac Lir, Diarmaid ua Duibhne.

2 Tá deirfiúr ag Tomás Ó hUallacháin darb ainm Caitlín. Caidé mar a scríobhtar a hainm?

(a) Caitlín Ní Uallacháin

**Míniú:** Ní bhíonn réamhlitir *h* ann i ndiaidh ‘Ní’: Neasa Ní Annracháin, Bairbre Ní Ógáin.

3 Tá fonn damhsa ann ar a dtugtar *Miss McLeod’s Reel*. Caidé mar a déarfá sin i nGaeilge?

(b) Ríl Iníon Mhic Leoid

**Míniú:** Is leagan giorraithe den fhocal ‘iníon’ atá sna míreanna ‘ní’ agus ‘nic’. Athrá a bheadh ann ‘Ríl Iníon Nic Leoid’ a scríobh.

4 *The works of Mac Grianna* – cé acu leagan atá ceart?

(b) Saothar Mhic Grianna

**Míniú:** Ní gnách séimhiú a chur ar ‘c’ ná ar ‘g’ i ndiaidh ‘Mhic’ nó ‘Nic’.

5 Ó Néill > an Niallach, Ó Dochartaigh > an Dochartach, ach caidé faoin tsloinneadh seo: Ó Dónaill?

‘An Dálach’ an leagan traidisiúnta.

6 *The Cardinal Ó Fiaich Library* – caidé mar a scríobhtar sin i nGaeilge?

(c) Leabharlann an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich

**Míniú:** Baineann an riail seo le tuiséal na n-ainmneacha a thig sna sála ar theideal. Sa chás seo, is ainm pearsanta (Tomás) agus sloinneadh (Ó Fiaich) atá ag teacht i ndiaidh an teidil ‘Cairdinéal’. Sa chás sin, ní infhilltear ainm ná sloinneadh an duine, cé go mbíonn an teideal féin sa tuiséal ghinideach, mar shampla ‘seanmóirí an Easpaig Séamas Ó Gallchóir.’

Aisteach go leor, bheadh infhilleadh ann dá mba rud é gur sloinneadh an duine, gan ainm pearsanta, a bheadh ann: ‘Leabharlann an Chairdinéil Uí Fhiaich’, ‘seanmóirí an Easpaig Uí Ghallchóir.’

7 Ó Gallchóir – caidé mar a fuarthas an sloinneadh coitianta sin?

(b) Gall + cabhair (cuidiú)

Míniú amháin ar an tsloinneadh ná go raibh sinsir an teaghlaigh i measc na ngallóglach, trodaithe tuarastail a tháinig go hÉirinn a chuidiú le taoisigh áitiúla ina gcuid feachtas.

8 Cén ghairm a bhíodh ag teaghlach Uí Ící fadó?

(a) leigheas

**Míniú:** Tá leideadh san fhocal 'íoc' ('leigheas').

### 3 Ainmneacha agus leasainmneacha

---

#### Tasc 1

1 Cad chuige a raibh leagan Gaeilge den tsloinneadh 'Devine' de dhíth ar Sheán an chéad lá riamh?

*Thosaigh sé a imirt peil Ghaelach. Is dócha go raibh leagan Gaeilge dá ainm agus sloinneadh de dhíth le clárú mar imreoir.*

2 Luann Seán rud ar a dtugtar 'An Sloinnteoir'. Caidé atá i gceist leis sin?

*Is leabhar tagartha é An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir a mbíonn cainteoirí Gaeilge ar fud na tíre ag tarraingt air. Tugtar na sloinnte Béarla agus Gaeilge taobh le chéile, agus dornán maith céad ainmneacha fosta. Muiris Ó Droighneáin a réitigh an chéad eagrán sa bhliain 1966, atá leasaithe agus méadaithe ó shin ag Micheál A. Ó Murchú. Díoladh na mílte cóip. Coiscéim a d'fhoilsigh.*

3 Cad chuige a bhfuil amhras ar Sheán faoin chéad leagan a roghnaigh sé?

*Rinneadh taighde ó shin a thugann le fios gurb é 'Ó Duibhín' an sloinneadh ceart stairiúil.*

4 Deir Seán go bhfuil Devine coitianta sa cheantar. Cén fhianaise a thugann sé?

*Tá a oiread sin daoine ann a bhfuil Devine orthu gurbh éigean leasainmneacha a thabhairt ar theaghlaigh faoi leith le go mbeifí ábalta iad a dhealú ó chéile.*

#### Tasc 2

Is fútsa atá sé na ceisteanna seo a fhreagairt.

## 4 An Lia Gramadaí: ‘ag fáil’ nó ‘ag éirí’?

---

Freagraí samplacha atá sna nótaí thíos.

- 1 Is é is béarlachas ann, dar le go leor daoine a scríobh faoin ábhar, tionchar an Bhéarla ar chomhréir agus ar chora cainte na Gaeilge. Cuir i gcás, is faoi thionchar *it's up to you* a déarfadh duine ‘suas duit féin atá sé’. Is doiligh sin a mhaitheamh nuair atá frása simplí seanbhunaithe sa Ghaeilge a bhfuil an chiall chéanna leis: ‘fút féin atá sé.’

Ní ‘béarlachas’ sa chiall is cruinne atá i leithéidí ‘gan dabht’ in áit ‘gan amhras.’ Is measa go mór comhréir na Gaeilge a chur as a riocht seachas corrfhocal Béarla a scaoileadh isteach.

- 2 Tabhair 3 shampla den bhéarlachas. Caidé mar ba cheart na rudaí sin a rá i nGaeilge, dar leat?
  - i Na réamhfhocail a úsáidtear sa Bhéarla a úsáid sa Ghaeilge, mar shampla ‘Tá eolaithe ag iarraidh leigheas a fháil *don ghalair*’ seachas ‘ar an ghalair’ mar a bheadh i nGaeilge.
  - ii Aistriúchán díreach a dhéanamh ar chora cainte, mar shampla ‘Caithfidh muid na botúin a rinne muid a ghlacadh ar bord’ ón Bhéarla *We have to take on board the mistakes that we made*. Is iomaí bealach leis an rud chéanna a rá i nGaeilge, mar shampla: Tá ciall cheannaithe againn i ndiaidh na botúin a rinne muid.’
  - iii Dobhriathra mar ‘suas’ agus ‘síos’ a úsáid díreach mar a dhéantar sa Bhéarla, mar shampla ‘Ní thig liom m’intinn a dhéanamh suas.’ Is é a deirtear sa Ghaeilge, ‘Ní thig liom cinneadh a dhéanamh.’
- 3 Fút féin atá sé an cheist sin a fhreagairt.

## 5 Bain triail as: *Lorg an Bhéarla*

---

- 1 **CAME (came from).** He himself and all his relations came from the North: ‘Tháinig sé féin agus a ghaolta go léir ón Tuaisceart.’

**Locht:** Tugann ‘tháinig’ le fios gur ndearna an duine seo turas ón Tuaisceart uair amháin.

**Athleagan:** B’fhéarr go mór an chopail a úsáid: ‘Ba as an Tuaisceart é féin agus a ghaolta go léir.’

- 2 **END (end. in).** It is hoped that these talks will end in a satisfactory settlement: ‘Táthar ag súil go gcríochnóidh na comhráite seo i socrú sásúil.’

**Locht:** Ní úsáidtear ‘críochnaigh i’ mar a úsáidtear *end in* sa Bhéarla. Tugtar ‘comhlogaíochtaí’ (*collocations*) ar phéirí nó ar ghrúpaí focal a chuirtear le chéile ar an dóigh sin: *pay a visit to, gain insight into* agus a leithéid. Caithfear a bheith faichilleach gan comhlogaíochtaí Béarla a thabhairt caol díreach isteach sa Ghaeilge.

**Athleagan:** Is é a déarfaí i nGaeilge: ‘Táthar ag súil go mbeidh toradh sásúil ar na comhráite seo.’

**3 EXPLAIN.** The extremely wet night might explain the clay that was on his shoes: ‘B’fhéidir go míneodh an oíche an-fhliuch an chré a bhí ar a bhróga.’

**Locht:** Is minic sa Bhéarla a chuirtear gníomh i leith rudaí gan chroí gan intinn. Déantar sin sa Ghaeilge in amanna, mar shampla ‘D’éirigh an aimsir níos measa’ nó ‘Tosaíonn na ranganna ar a seacht.’ Bíodh sin mar atá, is ait an rud é an oíche a bheith ‘ag míniú’ rud ar bith.

**Athleagan:** B’fhéidir gan gníomh a chur i leith na hoíche, mar seo: ‘Oíche an-fhliuch a bhí ann, agus b’fhéidir gur dá bharr sin a bhí an chré ar a bhróga.’

**4 FOLLOW.** He spoke so rapidly that I was unable to follow him: ‘Labhair sé chomh tiubh sin nárbh fhéidir liom é a leanúint.’

**Locht:** Ní úsáidtear an briathar Gaeilge ‘lean’ sa chiall ‘tuig’.

**Athleagan:** ‘Labhair sé chomh tiubh sin nárbh fhéidir liom é a thuigbheáil.’

**5 INCREASING.** It seems that the listening public is increasing: ‘Dealraíonn sé go bhfuil an pobal éisteachta ag dul i méid.’

**Locht:** Tá an abairt Ghaeilge débhríoch. Thioctadh an chiall seo a bhaint as: go bhfuil na héisteoirí ag éirí níos mó. Ní hiad na héisteoirí atá ag dul i méid, ach líon na n-éisteoirí.

**Athleagan:** ‘Dealraíonn sé go bhfuil an pobal éisteachta ag éirí níos líonmhaire.’ (Nó ‘Dealraíonn sé go bhfuil líon na n-éisteoirí ag dul i méid.’)

**6 LEARNED.** He learned from his father that the money was spent. ‘D’fhoghlaim sé óna athair go raibh an t-airgead caite.’

**Locht:** Ní úsáidtear ‘foghlaim’ ar an dóigh sin sa Ghaeilge.

**Athleagan:** ‘D’inis a athair dó go raibh an t-airgead caite.’ (Nó ‘Fuair sé amach óna athair go raibh an t-airgead caite.’)

**7 LEFT.** They left Cork in a small sailing boat: ‘D’fhág siad Corcaigh i mbád beag seoil.’

**Locht:** Dar le Mac Maoláin, ní ceart an briathar ‘fág’ a úsáid sa chiall ‘imigh’. Déarfadh daoine eile go bhfuil ‘fág’ á úsáid sa chiall sin ag cainteoirí maithe Gaeilge le fada an lá. Is fíor, áfach, go bhfuil débhríocht san abairt áirithe seo: an dtig cathair a fhágáil i mbád?

**Athleagan:** ‘D’imigh siad as Corcaigh i mbád beag seoil.’

**8 NOTE.** (a mental note) He made a mental note of the car’s number: ‘Rinne sé nóta ina aigne de uimhir an ghluaisteáin.’

**Locht:** B’fhéidir go sílfeadh daoine an abairt sin a bheith ceart go leor ach is cinnte go bhfuil bealaí níos simplí leis an rud chéanna a rá i nGaeilge.

**Athleagan:** ‘Choinnigh sé cuimhne ar uimhir an ghluaisteáin.’

**9 ON.** Dublin is situated on the Liffey: ‘Tá Baile Átha Cliath suite ar an Life.’

**Locht:** Ní cathair na Veinése atá ann le go mbeadh sé tógtha ar uisce.

**Athleagan:** ‘Cois Life atá Baile Átha Cliath suite.’ (Nó ‘Ar bhruacha na Life atá Baile Átha Cliath suite.’)

**10 REACH.** Now, workers who reach three score receive a pension: ‘Anois, faigheann oibrithe a shroicheadh trí scór pinsean.’

**Locht:** Tá débhríocht san abairt. Tá an chuma air go mbeidh trí scór pinsean le fáil ag na hoibrithe. Dar le Mac Maoláin nár cheart ‘faigh’ agus ‘sroich’ a bheith san aimsir ghnáthláithreach ag trácht ar rud a tharlóidh san am atá romhainn.

**Athleagan:** ‘Anois, beidh pinsean ag oibrithe i ndiaidh dóibh trí scór bliain d’aois a shroicheadh.’

**11 Reach (2).** The cloak she wore reached her shoes: ‘Shroich an clóca a chaith sí a bróga.’

**Locht:** Arís, bhí Mac Maoláin in amhras faoi ghníomh a chur i leith rud neamhbheo.

**Athleagan:** ‘Bhí clóca go béal bróg uirthi.’

**12 REDUCE.** It is extremely difficult to prevent the epidemic from spreading; but effort will be made to reduce the number of deaths: ‘Tá sé an-deacair cosc a chur ar leathadh na haicíde; ach déanfar gach dícheall chun líon na marbh a laghdú.’

**Locht:** An té atá marbh, ní thig é a thabhairt ar ais. Mar sin de, ní thig líon na marbh a laghdú.

**Athleagan:** ‘Tá sé an-deacair cosc a chur ar leathadh na haicíde; ach déanfar gach dícheall chun líon na marbh a choinneáil chomh híseal agus is féidir.’

**13 SATISFIED (satisfied that).** Then she was satisfied that her husband was dead: ‘Ansin bhí sí sásta go raibh a céile marbh.’

**Locht:** Úsáidtear *satisfied* sa chiall *free of all doubt*. Níl an chiall sin le ‘sásta’ sa Ghaeilge.

**Athleagan:** ‘Ansin bhí sí cinnte go raibh a céile marbh.’

**14 WITH.** They came back, and the man with the beard was along with them: ‘Tháinig siad ar ais, agus bhí an fear leis an bhféasóg in éineacht leo.’

**Locht:** Tugann ‘an fear leis an bhféasóg’ le fios go raibh an fhéasóg á hiompar thart leis. San áit a mbeadh *the woman with the black hair* sa Bhéarla, bheadh an t-alt sa Ghaeilge: ‘bean na gruaige duibhe.’

**Athleagan:** ‘Tháinig siad ar ais, agus bhí fear na féasóige in éineacht leo.’

**15 BECAME.** The land became progressively poorer as it approached the mountain: ‘D’éirigh an talamh níos boichte de réir a chéile, de réir mar a bhí sé ag druidim leis an sliabh.’

**Locht:** Arís, bhí Mac Maoláin in amhras faoi ghníomh a chur i leith rud neamhbheo nó a thabhairt le fios go raibh an talamh ag bogadh ó áit go háit.

**Athleagan:** ‘Dá dheise don sliabh é, ba amhlaidh ba bhoichte an talamh.’

## 6 Lúth na teanga: fuaimeanna Ultacha

---

- 1 Caidé a thug Antain faoi deara maidir le fuaimniú briathra mar ‘ceannaigh’ agus ‘éirigh’?

San aimsir fháistineach, agus sa mhodh choinníollach, fuaimnítear briathra den dara réimniú amhail is go bhfuil siolla breise iontu: *ceannóidh mé > ceannóchaidh mé, d'éireoinn > d'éireochainn*. Ba ghnách na briathra a litriú ar an dóigh sin i seanleabhair Ghaeilge.

- 2 Tugann Antain dhá shampla: ‘Dúirt sí go gcuirfeadh sí scairt orm’ agus ‘Dúirt sí go gcuirfeadh an rúnaf scairt orm’. Caidé an difear atá eatarthu ó thaobh na foghraíochta de?

Cluintear fuaim atá cosúil le *t* nuair a thagann briathar sa mhodh choinníollach roimh na forainmneacha pearsanta ‘sé’, ‘sí’ nó ‘siad’ agus roimh na forainmneacha taispeántacha ‘seo’, ‘sin’ nó ‘siúd.’

## 8 Cúinne na héigse: Timlicín, scéal do pháistí

---

- 1 Tá dhá fhocal ag Suzanne ar *bog* nó *moor*. Caidé an dá fhocal sin?

Is iad an dá fhocal a d’úsáid Suzanne ‘caorán’ agus ‘portach’.

- 2 Caidé a bheadh ar siúl ag an té a bheadh ‘ag cróigeadh mónadh’?

b) Ag cur cúig nó sé cinn d’fhóid mhónadh ina seasamh le chéile ar an phortach.

Cuirtear le chéile ar an dóigh sin iad le go séidfídh an ghaoth tríóthu, á dtriomú.

- 3 Caidé mar a déarfá na frásaí seo a leanas? Caidé mar a deir Suzanne iad?

a) Perished, starving with hunger.

Stiúgtha leis an ocras. Fuaimnítear an chéad fhocal amhail is gur ‘stiúcthaithe’ a bheadh ann.

b) Waiting impatiently for Timlicín.

Ag fanacht go cruaidh le Timlicín.

c) When he had given up hope of him.

Nuair a bhain sé deireadh dúile de, i.e. nuair nach raibh sé ag dúil leis ní ba mhó. Sa ghnáthchaint, is ‘dó’ a deirtear seachas ‘de’.

d) Did you hear that?

Ní bheadh locht ar bith ar ‘Ar chuala tú sin?’ ach tharla gur dhúirt Suzanne ‘Ar mhoithigh tú sin?’

Tá an leagan sin iontach coitianta i nGaeilge Uladh.

- 4 Agus iad ag cuartú Thimlicín, scairteann na comharsanaigh amach, ‘Cá bhfuil tú?’ An bhfuil rud ar bith suntasach faoin dóigh a bhfuaimníonn siad na focail sin?

Is leagan giorraithe a deir Suzanne: ‘cá’il tú?’ Tá se rud beag cosúil leis an fhocal Béarla *coal*.



5 *Big scissors* sa Bhéarla, ‘siosúr mór’ sa Ghaeilge. Caidé an difear eatarthu? An dtig leat smaoineamh ar thuilleadh samplaí?

Tá *scissors* san uimhir iolra agus tá ‘siosúr’ san uimhir uatha. Sampla eile a luaitear go minic, *stairs* agus ‘staighre’. De réir na bhfoclóirí agus na leabhar gramadaí, bíonn ‘bríste’ san uimhir uatha i gcónaí ach ní mar sin a bhíonn i nGaeilge Thír Chonaill. ‘Sa bhomaite, chaith mé díom an seanchóta agus chuir orm na brístí’. (Séamus Ó Grianna, *Caisleáin Óir*)

6 ‘Léim Timlicín amach agus a bhascáid agus deireadh leis.’ Cén chiall atá le ‘deireadh’ san abairt sin? Cuir in abairt de do chuid féin é.

Is é an chiall atá leis, achan uile rud, mar shampla ‘An bhfuil deireadh istigh?’ (An bhfuil achan duine istigh?)

## 9 Caighdeán agus canúint

### A. Leaganacha malartacha

Ag seo na leaganacha caighdeánacha:

- Agus is í **iníon** Norah Hannah, Caitlín, a d’inis an scéal seo domhsa.
- Bhí Dadaí thuas ar an chaorán, ag **gróigeadh** mónadh.
- **Babhla** brúitín
- Nó bhí a fhios aici gur **tharla** rud **éigin** do Thimlicín.
- D’imigh siad uilig, a chuartú Thimlicín agus iad **ag scairteach**.
- Tá mise anseo **ag feadaíl**.
- Chuir sí isteach i m**bascaed** bheag é, do Thimlicín.

### B. Forainmneacha réamhfhoclacha

Gaeilge Uladh	An CO
domh	dom
duit*	duit
dó	dó
daoithe	di
dúinn	dúinn
daoibh	daoibh
daofa nó dóbtha	dóibh

\* Fuaimnítear an focal amhail is gur ‘duid’ a bheadh ann.

### C. Ginideach malartach

Ag seo na leaganacha caighdeánacha:

- Bhí Dadaí thuas ar an chaorán, ag cróigeadh **móna**.
- i dtrátha am **dinnéir**

# Scripteanna

## 1 Cluas le héisteacht: ainm agus sloinneadh

### Suzanne Uí Ghallchóir

Mo shloinneadh? Nic Gairbheith a bhí orm. So, ciallaíonn sé ‘garbh’. So, níl ciall ródheas leis. Agus tá an mhórchuid acu i gContae<sup>1</sup> Ard Mhacha, tá mé ag déanamh gur sin an áit as a dtáinig an t-ainm ó thús. Ach níl a oiread sin eolais agam ar mo shloinneadh amach ón chiall atá leis, go gciallaíonn sé ‘garbh’ nó ‘garbh-bhéal’. Agus tá leaganacha difriúla den ainm ann, cosúil le ‘Ó Gairbhín’ agus mar sin de.

1 ...i gContae Ard Mhacha... Ní ‘contae’ a deirtear i nGaeilge Uladh, ach ‘condae’.

### Máire Uí Rabhartaigh

‘Ní Dhuibheannaigh’ a bhí ormsa sular pósadh mé, ach ‘Uí Rabhartaigh’ atá orm anois. Anois, deir siad gur ón rabharta iomlán a thig an t-ainm. Níl mé cinnte, ach caithfidh mé a ráit go bhfuil daoine mór le rá amuigh ansin a bhfuil ‘Ó Rabhartaigh’ orthu – cosúil le, an fear ar leis Budweiser. Michael J. Roarty atá airsean agus b’fhéidir gur sin an tuige<sup>1</sup> a bhfuil dúil agamsa sa Bhudweiser mé féin. Tá mé ag inse<sup>2</sup> duit, tá sé san fhuil!

1 ...sin an tuige... Fuaimníonn Máire an focal ‘tuige’ amhail is gur ‘tuí’ a bheadh ann. Is mar sin a deirtear i nGaeilge Uladh é. Cé gur ‘cad chuige’ a scríobhtar de ghnáth, is é ‘ca tuí’ a deirtear.

2 ...ag inse duit... Is é an leagan malartach ‘inse’ a deirtear i nGaeilge Uladh, áit a mbeadh ‘insint’ i gcanúintí eile.

### Anna Ní Bhroin

Éamonn Shéamais Bhriain Ó hOireachtaigh, ba é sin m’athair mór. Agus rugadh agus tógadh eisean agus na glúnta fada ag dul siar roimhe sin, rugadh agus tógadh iadsan i Machaire Rabhartaigh. Mar sin, tá an teaghlach s’agamsa ceangailte le Machaire Rabhartaigh ag dul siar na blianta fada fada fada.

Ach m’ainm féin, Anna Ní Bhroin, ba as Contae Chill Mhantáin do m’athair agus ba as Contae na Mí a mhuintir siúd, roimhe sin. Agus tháinig sé sin go Machaire Rabhartaigh i ndiaidh dó castáil ar mo mháthair i mBaile Átha Cliath, ag damhsa, lá dá raibh. Agus tháinig sé go Machaire Rabhartaigh agus ní raibh focal Gaeilge aige nuair a tháinig sé go Machaire Rabhartaigh ar dtús. Ach d’fhoghlaim sé an teangaidh agus bhí sé líofa go hiomlán i ndeireadh a shaoil.

### 3 Ainmneacha agus leasainmneacha

---

#### Seán Ó Daimhín

*Well*, cé go dtugaim, is ‘Devine’ i mBéarla a bhí orm ó dhúchas, agus tá cuid mhór daoine a bhfuil an sloinne sin orthu sa cheantar, go háirithe Gleann Mornáin, an ceantar taobh amuigh den tSraith Bán agus istigh sa bhaile mhór féin.

Agus nuair a thoisigh mé féin ag imirt peil Ghaelach, chuaigh mé chuig *An Sloinnteoir* agus phioc mé ‘Ó Daimhín’ amach as mar sin an rud atá istigh sa *Sloinnteoir* fá choinne ‘Devine’. Agus ‘Ó Daimhín’ a thug mé orm féin ó shin, i nGaeilge. Ach tá taighde déanta ag duine nó beirt eile, agus sílimse go bhfuil an ceart acu, nach sin an leagan áitiúil atá ann ar chor ar bith, ach ‘Ó Duibhín’, seachas ‘Ó Daimhín’. [*Litríonn sé an dá ainm.*]

Anois, ceann is gur ghlac mé féin an leagan ‘Ó Daimhín’, agus gur chuir mé an leagan sin ar mo chuid páistí, níl sé i gceist agam é a athrú anois, ach sin an chiall atá leis. Agus déarfainn gur bhain sé le dath – ní bhaineann sé le dath mo chuid gruaige féin sa lá atá inniu ann – ach ‘Ó Duibhín’, déarfainn gur dhaoine a raibh, b’fhéidir, gruaig dhubh orthu ag an am, nó rud éigin. So, sin an leagan den sloinne.

Chomh maith leis sin, tá an oiread sin daoine sa cheantar, go fóill, a bhfuil ‘Ó Duibhín’ mar shloinne orthu i mBéarla. Agus, b’fhéidir gur tháinig seo ón Ghaeilge, go raibh orthu leasainm a chur ar achan teaghlach. So, tá teaghlaigh ann a bhfuil *Lads* orthu, tá teaghlaigh eile ann a bhfuil *Gordons* orthu, teaghlaigh eile a bhfuil *Rodger* orthu. *Moores*, agus go leor... agus *Lads*. Ach is Devines nó muintir Uí Dhuibhín ar fad atá iontu. Mar ní fhéadfadh fear an phoist iad... na litreacha a chur sa teach ceart dá mbeadh an t-ainm ‘Ó Duibhín’ ar an litir. So, tá an nós sin ann, go bhfuil cineál leasainm le gach sloinne, le gach teaghlach sa cheantar.

### 4 An Lia Gramadaí: ‘ag fáil’ nó ‘ag éirí’?

---

Cluintear rudaí ar nós ‘tá sé ag fáil fuar’, nó ‘tá mé ag fáil ocrach’ sa chaint. Ach an bhfuil siad ceart?

Ar dtús, tá an briathar sin – *to get* – iontach coitianta sa Bhéarla. Is minic a chluintear trácht ar *getting fired*, *getting hungry*, *getting cold* agus mar sin de. Níl an briathar sin chomh coitianta céanna sa Ghaeilge. Cinnte, níl sé chomh coitianta céanna sna cásanna sin.

É sin ráite, tá drochnós ag teacht chun cinn, áit a bhfuil an briathar sin in úsáid ag daoine ar an dóigh chéanna sin, sa Ghaeilge. Cluineann muid anois rudaí ar nós, ‘tá mé ag fáil ocrach’, ‘tá sé ag fáil dorcha’, ‘beidh siad ag fáil pósta’, ‘tá sé ag fáil fuar’ nó ‘fuair sé ramhar’, cuir i gcás. Tá na haistriúcháin dhíreacha sin iontach mínádúrtha ar fad sa Ghaeilge agus níl siad ag teacht le dúchas na teanga ar chor ar bith.

Is minic is féidir an briathar ‘éirí’ a úsáid sna cásanna céanna: ‘d’éirigh sé ocrach’, ‘tá sé ag éirí dorcha’, ‘tá sé ag éirí fuar’, nó ‘d’éirigh sé ramhar’, mar shampla. Rudaí iad sin a tharlaíonn *de réir a chéile*.

Ní i gcónaí a thig ‘éirí’ a úsáid. Agus, i ndáiríre, is minic a bhíonn bealach simplí dúchasach sa teangaidh leis an rud céanna a ráit. Is mó seans go ndéarfadh duine, ‘tá ocras ag teacht orm’ ná ‘tá mé ag éirí ocrach’. Maidir

le bheith ‘ag éirí dorcha’, *well* nach dtiocfadh le duine a rá go bhfuil sé ‘ag dul ó sholas’ nó go bhfuil ‘an oíche ag titim’.

I dtaca le bheith ag éirí fuar de, *well*, b’fhéidir gur sin an bealach is dúchasáí agus is nádúrtha leis sin a ráit, ach is cinnte nach ndéarfá go bhfuil sé ‘ag fáil fuar.’

Maidir leis an té atá ag éirí ramhar, *well*, b’fhéidir nár mhiste a rá sa chás sin go díreach go bhfuil an duine i ndiaidh ‘titim chun feola’ nó ‘meáchan a chur suas.’

Agus ansin, má théann muid siar go dtí an sampla eile sin a bhí agam, an lánúin úd a bheas ‘ag fáil pósta’ mar a dúirt mé. *Well*, nárbh fhusa i bhfad a ráit go díreach go mbeidh siad ‘ag pósadh’ nó go bhfuil siad ‘le pósadh’. Thiocfaí rud inteacht mar seo a ráit ach oiread: ‘tá siad geallta’, ‘tá lámh agus focal eatarthu’, ‘tá focal acu pósadh’, ‘tá siad ag brath pósadh’, ‘tá sé socraithe acu pósadh’ nó ‘tá sé ar intinn acu pósadh.’

Bígí cúramach, mar sin, gan nósanna an Bhéarla a thabhairt díreach trasna go dtí an Ghaeilge. Tá ár gcuid dóigheanna féin againn sa teangaidh seo.

## 6 Lúth na teanga: fuaimeanna Ultacha

**Siuán:** A Antain, cuir síos dúinn ar na rudaí a thug tú féin faoi deara agus tú ag foghlaim Gaeilge anseo i nGaeltacht Dhún na nGall.

**Antain:** Is cuimhin liom an t-am sin, b’fhéidir go mbeadh rud amháin...bheifeá i ndiaidh rud amháin a fhoghlaim san ollscoil agus ansin, anseo sa Ghaeltacht, bheadh agat le rud eile ar fad a fhoghlaim.

Is cuimhin liom, d’fhoghlaim mé mar shampla, na focla sin a bhfuil níos mó ná siolla amháin iontu: ‘ceannaigh’, ‘éirigh’, briathra mar sin, den chineál sin – san aimsir fháistineach gurb é an rud atá ann ná ‘ceannóidh mé’ agus ‘éireoidh mé’ agus rudaí mar sin. Ach ansin, sa Ghaeltacht, chuala mé daoine ag rá ‘ceannóchaidh mé’ agus ‘éireochaidh mé’ agus rudaí mar sin.

Agus tá sé mar a bheadh siolla beag breise istigh ansin. Agus má léann tú na seanleabharthaí Gaeilge a foilsíodh roimh an Chaighdeán Oifigiúil, chífidh tú gur mar sin ba ghnách na rudaí sin a scríobh. Agus bhí sin ar fud Chúige Uladh, ní amháin i dTír Chonaill.

**Siuán:** Agus an bhfuil an rud céanna fíor sna haimsirí eile?

**Antain:** Go díreach. Is dóigh liom, an rud a d’fhoghlaim mise i dtús báire ná *I would buy*. Is dóigh liom, an rud a déarfainn ná ‘cheannóinn’. Ach ar ndóigh, an rud a d’fhoghlaim mé ina dhiaidh sin ná ‘cheannóchainn’.

Agus tá an modh coinníollach suimiúil ar bhealach eile chomh maith. Mar, an rud a d’fhoghlaim mise, abair anois, tá mé ag smaoineamh ar bhriathar cosúil le ‘déan’ agus ‘dhéanfadh’ – gur *ú* a bíos<sup>1</sup> i ndeireadh an bhriathair sin an t-am ar fad. ‘Dhéanfadh Peadar an obair dá mbeadh an t-am aige’ agus rudaí mar sin.

Ach bhí mé i nDún na nGall agus bhí mé ag éisteacht le daoine agus chuala mé an t seo ag deireadh an bhriathair: dhéanfat sé an obair’ agus ‘dhéanfat sí an obair’ agus rudaí mar sin.

Agus bhí iontas orm faoi sin. An rud atá ann, má tá ‘sé’ nó ‘sí’ nó ‘siad’ ag teacht i ndiaidh a leithéid de bhriathar, cuireann tú, cluin tú an t beag sin. ‘Dhéanfat siad an obair’ agus rudaí mar sin. Agus cluin tú é fosta roimh ‘seo’ agus ‘sin’ agus ‘siúd’. ‘Dúirt sé go ndéanfat sin cúis’ agus rudaí mar sin.

Agus is rud beag deas atá ann ach fadhb, b’fhéidir, atá ann, cluin daoine an t sin agus síleann siad go bhfuil sé ann an t-am ar fad. Agus cluinim daoine á ráit gach áit anois sa mhodh choinníollach, bíonn an t sin acu. Ach ní bhíonn sé ann ach amháin roimh ‘sé’, ‘sí’, ‘siad’, ‘seo’, ‘sin’, ‘siúd’ – roimh na rudaí sin. So, is é an rud a bheadh ann ná, ‘dúirt sí go gcuirfead sí scairt orm.’ Agus bheadh an t ansin ceart go leor. Ach ‘dúirt sí go gcuirfeadh an rúnaí scairt orm’ agus ní bheadh t ar bith le cluinstin ansin.

**1** ...a bíos... Is foirm choibhneasta é seo a chiallaíonn ‘a bhíonn’. Cluintear ‘a bhíos’ agus ‘a bíos’ i nGaeilge Uladh.

## 8 Cúinne na héigse: Timlicín, scéal do pháistí

### Suzanne Uí Ghalchóir

Seo scéal darb ainm ‘Timlicín.’ Agus is í nÍon Norah Hannah, Caitlín, a d’inis an scéal seo domhsa. Caithfidh mé aitheantas a thabhairt daoithe<sup>1</sup> ar a shon.

Fadó fadó, bhí teaghlach ina gcónaí in Éirinn. Máthair, athair agus gasúr beag i dtrátha ceithre bliana d’aois darbh ainm Timlicín. Bhí Timlicín ina ghasúr iontach maith cuidiúil dona thuismitheoirí.<sup>2</sup>

Lá amháin, bhí Dadaí thuas ar an chaorán, nó ar an phortach, ag cróigeadh mónadh. Agus dúirt Mamaí le Timlicín go rachadh sé suas i dtrátha am dinnéara le babhal brúitín agus buidéal bainne chuig Dadaí, mar go mbeadh Dadaí stiúgtha<sup>3</sup> leis an ocras. Tháinig am dinnéara, agus rinne Mamaí réidh an brúitín agus an bainne agus chuir sí isteach i mbascáid bheag é, do Thimlicín.

D’imigh Timlicín leis ag siúl. D’iarr a Mhamaí air dul an aicearra,<sup>4</sup> agus rinne sé sin. Ach thoisigh sé a chur báistí agus sheasaigh Timlicín isteach faoi scáth na gcrann. Ach ní raibh a fhios ag Timlicín go raibh tarbh mór dubh istigh sa pháirc ar a chúl, a raibh dúil aige ag ithe páistí beaga.

Bhí Timlicín ina sheasamh ansin nuair a tháinig an tarbh beag aníos ar a chúl agus d’oscail sé a bhéal go mór agus shlog sé síos é.

Bhí Dadaí thuas ar an chaorán agus é ag fanacht go cruaidh le Timlicín. Agus nuair a bhain sé deireadh dúile de, tháinig sé ’na bhaile chuig Mamaí.

“Cad chuige nár chuir tú Timlicín suas inniu?” a dúirt sé.

“Chuir mé Timlicín suas!” a dúirt sí, agus thoisigh Mamaí a chaoineadh. Nó bhí a fhios aici gur tharlaigh rud inteacht do Thimlicín.

“Socair síos,” a dúirt Dadaí léi. “Gheobhaidh muid na comharsanaigh uilig agus rachaidh muid amach agus cuartóidh muid Timlicín.

Chruinnigh sé na comharsanaigh agus d’imigh siad uilig, a chuartú Thimlicín agus iad ag scairtigh mar a chuaigh siad, ‘Timlicín! Timlicín! Cá’il tú? ‘Cá’il tú?’

Ní raibh a dhath ar bith le cluinstit.

‘Timlicín! Timlicín! Cá’il tú? ‘Cá’il tú?’

Agus, leis sin, chuala siad glór beag íseal.

‘A Mhamaí agus a Dhadaí,  
ná bígí ’mo chuartú.  
Tá mise anseo ag feadalaigh  
istigh i mbolg an tairbh.’

‘Ar mhoithigh sibh sin? ‘Ar mhoithigh sibh sin?’ a dúirt Dadaí. ‘Tá Timlicín istigh i mbolg an tairbh.’

D’imigh siad uilig isteach sa pháirc. Thiontaigh siad an tarbh ar a dhroim. D’imigh Dadaí ’na bhaile chomh gasta agus a thiocthadh leis agus fuair sé siosúr mór. Agus ghearr sé bolg an tairbh uilig, go dtí gur oscail siad suas an craiceann agus léim Timlicín amach agus a bhascáid agus deireadh leis.

Ansin, d’fhuáil Mamaí suas bolg an tairbh, nó char mhaith dúinn a dhath tarlú don tarbh bocht. Agus d’éirigh an tarbh suas agus bolg nimhneach air agus dúirt sé, ‘Ó níl mise ag dul a ithe páistí beaga choíche aríst.’

Ansin, shuigh siad uilig thart ar an bhascáid agus d’ith siad an brúitín agus d’ól siad an bainne a bhí deas te go fóill istigh i mbolg an tairbh.

- 1** ...*aitheantas a thabhairt daoithe*... Tabhair faoi deara gur *t* leathan seachas *t* caol atá i ndeireadh an fhocail ‘tabhairt’. Tarlaíonn sin go minic má thosaíonn an chéad fhocal eile le consan leathan, mar shampla ‘Caidé a dúirt tú?’ seachas ‘Caidé a dúirt tú?’
- 2** ...*dona thuismitheoirí*. Is é an rud a bheadh ann de réir an Chaighdeáin ‘dá thuismitheoirí’.
- 3** ...*stiúgtha*... Sa chaint, déantar *c* den *g* roimh *th*. Tarlaíonn an rud céanna i bhfocail mar ‘bogtha’ agus ‘slogtha’. Tá fuaim *í* le cluinstit i ndeireadh an fhocail, amhail is gur ‘stiúcthaí’ a bheadh ann.
- 4** ...*an aicearra*... Sa tseanlitriú, is ‘aithghearra’ a bheadh ann. Is mar sin a fhuaimnítear an focal i nGaeilge Uladh.